



Straitéis Tinrimh

Tá straitéis tinrimh curtha i bhfeidhm i Scoil Chualann le ceithre bliana anuas. Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis seo i Mí na Nollag 2011. Socraíodh cloí leis an straitéis mar a bhí ó tharla go raibh ag éirí go maith leis. Is léir ón tinreamh go ndéanann tuismitheoirí na scoile sár-iarracht a gcuid páistí a chur ag an scoil in am agus go rialta.

This strategy was devised four years ago. It was reviewed in December 2011. It was agreed then that the strategy has been successful thus far and that the school should continue to implement it without modification.

Our attendance records show that parents in Scoil Chualann make excellent efforts to send their children to school regularly and on time.

Is mian linn atmasféar sona, spreagúil, sábháilte, cineálta a chothú ina ndéantar cúram d'fhorbairt iomlán an pháiste. Aithnímid i Scoil Chualann an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh i ndul chun cinn an pháiste. De réir Alt 20 agus 21 den Acht Oideachais (Leas) 2000, tá sé de dhualgas ar scoileanna taifead tinrimh a chur ar bun agus monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh gach dalta atá ar rolla na scoile. Is gá tuairisciú ar thinreamh daltaí i gcúinsí áirithe.

Our intention is to create a happy stimulating safe kind atmosphere for all where the unique qualities of every child are nurtured. We recognise the importance of good attendance at school for every child's progress.

According to Sections 20 and 21 of the Education (Welfare) Act 2000 schools must maintain a record of attendance or non-attendance on each school day for each student registered. The school must also report children's attendance in certain cases.

Is í aidhm na straitéise seo ná

- meas ar an léann a chothú i measc phobal na scoile
- béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh
- dearcadh dearfach i leith na scolaíochta agus na foghlama a chothú
- a chinntiú go bhfuil spriocanna cinnte ann chun dea-thinreamh a spreagadh



Scoil Chualann - Straitéis Tinrimh

This strategy aims to

- *foster respect for learning among the school community*
- *emphasise the importance of good attendance*
- *encourage a positive attitude towards school and learning*
- *ensure that there are clear objectives in place to encourage good attendance*

Ról an tuismitheora/chaomhnóra *Parents/Guardian's role*

- *Is gá do na tuismitheoirí litir/nóta a scríobh i dtaobh asláithreachtaí nuair a chailleann páiste lá/am scoile. An explanatory note should be given to the class teacher when a child is absent from school*
- *Más gá do pháiste an scoil a fhágáil i rith an lae caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir nóta a scríobh dóibh. Tugann an páiste an nóta don mhúinteoir ranga. Cuireann an múinteoir an nóta ag an bpríomhoide agus sínítear é. Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí/fheighlithe/ghaoilta gan cur isteach ar obair ranga i rith am scoile mar sin caithfidh an duine a thagann faoi dhéin an pháiste an leabhar tinrimh a shíniú san oifig agus cuirfear fios ar an bpáiste. Parents/Guardians must give written permission if a child has to leave school during the day. The child should give the note to the class teacher. The class teacher gives the note to the principal. The note is signed and returned to the class teacher.*
- *Parents/ guardians/ minders, are asked not to interrupt classes when they come to collect children. All visitors are asked to report to the office when collecting children where they will be asked to sign the attendance book and the the child will be sent for.*
- *Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go dtagann a bpáistí ar scoil gach lá seachas nuair a bhíonn leithscéal ceart acu le bheith as láthair Parents/guardians are asked to ensure that their child attends school except in the event of illness or for some other genuine reason*
- *Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí glooch a chur ar an scoil má bhíonn páiste sa bhaile níos mó na dhá lá Parents/guardians are asked to contact the school if their child is absent for more than two days*



Scoil Chualann - Straitéis Tinrimh

- Iarrtar ar thuismitheoirí laethanta saoire scoile a choinneáil i gcuimhne agus socruithe á ndéanamh do shaoire teaglaigh ./ *Parents are advised to take school holidays into consideration when making family holiday arrangements*

Clárú (Ról na scoile) (The school's role)

- Glaotar an rolla gach lá ag 10.10am sna ranganna. Cuireann an múinteoir an tinreamh sa leabhar rolla agus sa leabhar beag agus cuirtear an leabhar beag chun na hoifige. *Roll call is at 10.10am. The class teacher records attendance in the attendance book and sends it to the office.*
- Cuirtear an rolla mór chun na hoifige gach Aoine ag 2.20pm. *The class roll book is sent to the office every Friday at 2.20pm.*
- Coinníonn an múinteoir nótaí/litreacha a bhaineann le asláithreachtaí agus cuirtear chun na hoifige iad ag deireadh na bliana nó nuair a chuirtear fios orthu *The class teacher keeps a copy of all correspondence relating to absences for the school year .These are sent to the office at the end of the school year or when required.*
- Sa chás go bhfuil go leor ama caillte ag páiste agus nach bhfuil leithscéal tugtha cuirfidh an príomhoide fios ar an tuismitheoir/caomhnóir chun an scéal a phlé *Parents will be sent for to discuss frequent unexplained absences*
- Má chailleann páiste 20 lá nó níos mó tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin asláithreacht a chur ar fáil don Bhord Naisiúnta Leasa Oideachais. Déantar seo ceithre huairé i rith na scoilbhliana. *The school must report to the National Educational Welfare Board every time a student has reached 20 days absence cumulatively. This information is submitted to four times a year on designated dates.*
- Déantar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí (ó bhéal agus i scríbhinn) nuair atá 20 lá caillte ag páiste. *Parents/Guardians are contacted (verbally and in writing) when their child has been absent for 20 days.*

Straitéisí Scoile Uile chun dea-thinreamh a chothú / School strategy to encourage good attendance

- Mínítear do na tuismitheoirí/caomhnóirí nua an dlúthbhaint idir dea-thinreamh agus dul chun cinn sásúil an pháiste. Déantar seo ag cruinniú do thuismitheoirí/caomhnóirí nua sula dtosaíonn na páistí ar scoil. Cuirtear cóip den



Scoil Chualann - Straitéis Tinrimh

straitéis se ar fáil dóibh. Beidh fáil ar an straitéis ar an ngreasán scoile. *The positive effects of good school attendance on children's attainment are explained to parents/guardians before the children start school. A copy of this attendance strategy will be given to them. The strategy will also available on the school website.*

- Mínítear do thuismitheoirí na scoile an dualgas atá ar an scoil tinreamh na bpáistí a chlárú agus an dualgas atá ar na tuismitheoirí/caomhnóirí míniú a thabhairt ar asláithreachtaí (Acht Oideachais 2000 Leas) /*Parents are made aware of the school's duty to record children's attendance when enrolling their child and of their own duty to explain children's absences.*
- Meabhraítear do thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas má tá go leor laethanta cailte ag a gcuid páistí ag na cruinnithe céanna/*Parents will be reminded of the importance of good attendance at parent/teacher meetings. Parents will also be notified at the parent/teacher meetings should a child miss several days of school.*
- Bronntar teastais ar pháistí a chailleann níos lú na trí lá scoile ag searmanas ag deireadh na bliana/*Children who miss less than three school days are awarded a certificate at the end of the school year.*
- Bronntar plaiceanna orthu seo nach gcailleann lá scoile i rith na bliana/ *Children who have full attendance during the school year are awarded with a plaque at the end of the school year.*
- Tugtar gach cúnamh do clanna atá faoi bhrú ag fadhbanna eacnamaíochta/baile chun cabhrú leo na páistí a spreagadh chun dul ar scoil /*Families who are experiencing economic or personal problems are supported in their efforts to encourage children to attend school*
- Tugtar cúnamh do pháistí a chailleann go leor am scoile ionas nach gcailleann siad amach ar obair scoile/*Support is given to children who have poor attendance to ensure they keep up with school work.*

Aistriú Scoile

Má aistríonn páiste go scoil eile coinneofar ainm an pháiste ar rolla Scoil Chualann go dtí bhfaigheann an scoil foirm aistrithe ón scoil nua ./*Any child who transfers to another school remains on Scoil Chualann's roll until we receive a notice of transfer from the new school.*



Scoil Chualann - Straitéis Tinrimh

Má aistríonn páiste ó scoil eile go Scoil Chualann is gá do phríomh oide Scoil Chualann foirm aistrithe a chur ag an scoil ina raibh an páiste. / *When a child comes to Scoil Chualann from another school the principal of Scoil Chualann must send a transfer form to their previous school.*

Cuireann an scoil tuairisc bhliantúil ar thinreamh chuig an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais. / *The school sends yearly attendance reports to the National Educational Welfare Board*

Beidh fáil ar an gcaipéis seo ar an suíomh gréasáin . Mínítear an straitéis ag cruinniú na dtuismitheoirí nua gach bliain. / *This document is available on the school website. The strategy is explained to new parents every year.*

Tá an straitéis seo i bhfeidhm ó 2008. Déantar athbhreithniú uirthi go tráthrialta. / *This strategy was devised in 2008. It will be reviewed on a regular basis.*

Sínithe thar ceann Bhord Bhainistíochta Scoil Chualann:

Cathaoirleach

Príomhoide

Dáta _____